# SCÉIM LÍONRA ROTHAÍOCHTA BHÓTHAR STIOFÁIN

NUACHTLITIR - EAGRÁN UIMH. 5

14 EANÁIR 2026

## Eolas tábhachtach d'áitritheoirí agus do ghnónna

Tá tús curtha arís leis an obair thógála ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin tar éis na Nollag. Tá tromlach na hoibre ar Chéim 1 curtha i gcrích anois agus tá an cosán ar an taobh thoir oscailte anois. Táimid ag obair anois ar an taobh thiar den bhóthar. **Beidh orainn, faoin gcéad chéim eile den obair, an lána atá ag dul ó dheas ar Bhóthar Stiofáin a dhúnadh ar feadh deich seachtaine, ag tosú Dé Céadaoin an 21 Eanáir.** Tá eolas tábhachtach sa nuachtlitir seo faoin mbealach isteach agus amach a bheidh agat chuig do theach nó do ghnó le linn na tréimhse seo.

### Dúnadh Sealadach an Lána atá ag dul ó Dheas - Córas Aontreo – ón 21 Eanáir 2026

- **Ón gCéadaoin an 21 Eanáir**, beidh an obair dírithe ar Chéimeanna 2C, 2D agus 2E mar a thaispeántar san léaráid thall.
- Chun cabhrú linn an obair seo a chur i gcrích go sábháilte agus gan aon mhoill mhíchuí, beidh an Lána atá ag dul ó Dheas dúnta 24 uair an chloig idir an acomhal Bhóthar Rathúin agus an bealach isteach chuig Páirc Siopadóireachta Gateway. Beidh an dúnadh sin i bhfeidhm ó Dé Céadaoin an 21 Eanáir ar feadh tréimhse 10 seachtaine. Beidh bealach sa dá threo ag an trácht go fóill idir Páirc Siopadóireachta Gateway agus Bóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Beidh comharthaíocht in airde chun comhairle a chur ar thiománaithe faoin achar a mbeidh an lána seo dúnta.
- Rithfidh an córas aontreo ón taobh ó dheas go dtí an taobh ó thuaidh ón mbealach isteach chuig Páirc Siopadóireachta Gateway go Bóthar Rathúin.
- **Beidh ar gach feithicil atá ag teacht amach as eastáit agus tithe ar Bhóthar Stiofáin** casadh ar chlé agus dul ó thuaidh go Bóthar Rathúin agus na comharthaí sealadacha malairte slí tráchta a leanúint de réir an Phlean Malairte Slí Sealadaí (féach an taobh eile den leathanach).
- **Beidh bealach isteach chuig na tithe atá i gceist** tríd an lána atá ag dul ó thuaidh amháin i.e. ag dul isteach ar Bhóthar Stiofáin trí Bhóthar Dáileacháin an Iarthair
- Déanfar an obair a bheidh le déanamh le taobh áitreabh ar Bhóthar Stiofáin a chomhordú roimh ré leis na teaghlaigh aonair. Cuirfear socruithe sealadacha i bhfeidhm chun bealach isteach chuig cabhsaí agus páirceáil a éascú de réir mar is gá.
- Coinneofar cosáin do choisithe oscailte feadh Bhóthar Stiofáin, agus malairt slí shealadach áitiúil i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Gabhaimid pardún libh as aon mhíchaoithiúlacht a bheidh i gceist agus gabhaimid buíochas libh as bhur gcuid foighne agus comhoibriú leanúnach.

**Tuilleadh eolais ar an leathanach eile**




Chun tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Jons Civil Engineering ar an uimhir **086 0835461** nó ríomhphost a sheoladh chuig **donalkelly@jonscivil.ie**

Jons | Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council | NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority | Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | Clifton Scannell Emerson Associates

# SCÉIM LÍONRA ROTHAÍOCHTA BHÓTHAR STIOFÁIN

**Dúnadh Sealadach an Lána atá ag dul ó Dheas - bealach atreoraithe tráchta sealadach:**

Ón gCéadaoin an 21 Eanáir, ar feadh deich seachtaine




Scan anseo chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo.

**CHUN TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL:**

Déan teagmháil linn ag Jons Civil Engineering:
0860835461 or donalkelly@jonscivil.ie